

# Forbairt na litearthachta agus straitéisí luath-idirghabhála i nGaelscoileanna



# Clár

■ Intreoir	3
■ Scileanna teanga a fhorbairt	4
■ Buarthaí faoi mhoill urlabhra agus teanga	5
■ Tuiscint fhóineolaíoch	7
■ Gníomhaíochtaí	8
■ Feananna fóinéimí / graiféimí a úsáid	10
■ Boscaí Elkonian	10
■ Boscaí litreacha	11
■ Patrúin litreacha	13
■ Aithint litreacha	13
■ Aithint focal	14
■ Tuiscint agus ciall	15
■ Litríú	18
■ Liosta leabhar agus áiseanna úsáideacha	21

Scríobh an Dr. Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, an lámhleabhar seo mar chuid den tionscadal ar athfhorbairt InCAS do scoileanna lánGhaeilge, a stiúraigh an Dr. James Connolly. Cuirtear na moltaí seo i láthair mar áis a chuideoidh le múinteoirí straitéisí idirghabhála a phleanáil agus sonraí ó InCAS agus sonraí ón Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht (ÁML) a chur san áireamh.

Gabhtar buíochas le:

Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Áine Mhic Giolla Cheara, Bunscoil Phobal Feirste

Máire Mhic Sheáin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Jill Garland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire

An Dr. Seán Mac Corraidh, Bord Oideachais agus Leabharlainne

Foilseachán de chuid CCEA © 2013



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG  
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*

## Intreoir

# Forbairt na litearthachta agus straitéisí luath-idirghabhála i nGaelscoileanna: Ag freagairt do shonraí ó INCAS agus ó ÁML

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta ar fhoghlaim luath na litearthachta go dtéann páistí i gceann na litearthachta ar dhóigheanna difriúla. Is féidir go dtabharfaidh páiste faoin litearthacht ar dhóigh ghasta bhríomhar nó is féidir go ndéanfar é ar dhóigh fhadálach réidh, nó is féidir go rachfar ina ceann ar nós micreaphatrúin a bhíonn ag luascadh anonn is anall taobh istigh den dul chun cinn iomlán. Beidh a stíl foghlama féin ag daltaí na Gaelscolaíochta agus beidh freagairt ar leith ag gach duine acu ar ionchais daoine fásta agus ar straitéisí cruthaitheacha an teagaisc agus ar oideolaíochtaí an tumoideachais a bheidh rompu agus iad ag tabhairt aghaidhe ar thimpeallacht teanga nua i naíscoil agus i mbunscoil. Tá sé tábhachtach go sainaithneoidh an múinteoir an chéim atá bainte amach ag gach páiste, i dtaca le gnóthachtaí litearthachta de, sa dóigh go mbeidh sé nó sí ábalta cur leis an eolas atá ag na páistí cheana féin, go dtig leis nó léi scéim a phleanáil le tuiscint neamhiomlán a thabhairt chun tosaigh agus le coincheapa nua a chur roimh na daltaí ar dhóigh struchtúrtha. Is féidir go dtabharfaidh breathnuithe an mhúinteora agus idirbheartaíochtaí leis an dalta treoir ar an luas foghlama is cuí agus is dúshlánaí don dalta. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú tamall a chaitheamh ag leibhéal atá slán agus fóirsteanach d'eolas na bpáistí mar tig leo taitneamh a bhaint as an eolas atá acu a chleachtadh agus a chur i bhfeidhm, as a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí rófhoghlama, agus lena gcuid foghlama a chalabhrú agus le cur lena líofacht. Amanna eile, caithfear iad a mhealladh agus a spreagadh leis an chéad chéim eile chun tosaigh a thabhairt, agus a bhfuil ar eolas acu a cheangal leis an rud nach bhfuil ar eolas. Is clár idirghabhála é Athshlánú na Léitheoireachta agus sa chomhthéacs seo is céim thosaigh ríthábhachtach é ag 'spáisteoireacht thart ar a bhfuil ar eolas', nuair a dhéanann an múinteoir plan do thréimhse ar leith a bheidh dírithe ar na coincheapa agus na scileanna atá ag an pháiste a dhaingniú sula dtabharfar dúshlán nua isteach. Agus na páistí ag dul chun cinn, caithfear cuid mhór léitheoireachta bunaithe ar chiall a chur ar fáil i dtéacsanna a roghófar go cúramach.

Cuirfidh scóir teisteanna fianaise ar fáil do mhúinteoirí ar an dul chun cinn. Is féidir chomh maith go gcuirfidh siad múinteoirí san airdeall maidir le gnéithe discrídeacha i bhforbairt litearthachta páistí a léiríonn deacracht a bheith acu. Ba chóir straitéisí idirghabhála a phleanáil go fóill le haird a thabhairt ar an scéal iomlán. Go luath i seisiún idirghabhála le dalta Rang 2, bhí na chéad mhíreanna de chlár struchtúrtha comhlánaithe agam leis an dalta óg a bhí breá sásta comhoibriú liom. A luaithe is a dúirt mé, "Déanaimis roinnt scríbhneoireachta anois", d'fhreagair an cailín óg, "Tá tinneas boilg orm". Sa chás seo ba é freagairt mhothúchánach shíceolaíoch ar scríbhneoireacht a chur tús le pairilis scríbhneoireachta. Ní fhéadfainn tabhairt ar an chailín bheag iarracht a thabhairt air. I ndiaidh dom bábóg cheirteach a thabhairt isteach, bábóg ar mhaith léi a scéal féin a scríobh, bhí mo chara óg sásta cuidiú léi agus scéal na bábóige a scríobh di. Le linn an ghnáthranga, bhí an cailín óg iontach maith ag seachaint na scríbhneoireachta. Sa ról nua aici mar scríbhneoir don bhábóg, d'fhoghlaim sí an dóigh le straitéisí nua a thriail le cuidiú lena scríbhneoireacht chomhleanúnach. Ba í an bhábóg a spreag chun scríbhneoireachta í. Nuair a tugadh 'leathanach cleachtaidh' isteach tuigeadh go raibh sé slán iarracht a thabhairt agus gur chuid de phróiseas na scríbhneoireachta iad na gníomhaíochtaí fadhbréitigh. Is é aidhm na straitéisí idirghabhála uilig cuidiú leis an dalta neamhspleáchas a bhaint amach, ag cuidiú leis an pháiste céimeanna agus bealaí fóirsteanacha a chur de nó di.

Is féidir an phróifíl ar iompraíochtaí litearthachta a léirítear i dtorthaí InCAS agus ÁML a léirmhíniú ar dhóigh a mbunófar an teagasc uirthi. Is féidir aon fhianaise ar thorthaí ísle ar mhíreanna discrídeacha a úsáid le seiceamh struchtúrtha de chéimeanna beaga a bhunú

san áit is géire gá, ach, san am céanna, ag cur deiseanna go leor ar fáil don pháiste lena láidreachtaí a chleachtadh agus é nó í a ullmhú le haghaidh fadhbréitigh. Tá na gníomhaíochtaí sin a threisiú an t-eolas atá ag an pháiste cheana féin tábhachtach mar cothaíonn siad an mhúinín a bheidh de dhíth le dul i ngleic leis na réimsí sin is mó deacracht don pháiste. Ciallaíonn sé seo gur chóir don mhúinteoir gan díriú ar mhodh nó ar chur chuige amháin. Ba chóir na gníomhaíochtaí idirghabhála a phléitear anseo a mheas mar mholtaí is féidir a chur le clár struchtúrtha cothromaithe teagaisc a aithníonn gnóthachtálacha an pháiste go dtí seo, agus a chuireann mearbhall agus easpa eolais san áireamh chomh maith. Is féidir formhór na ngníomhaíochtaí a úsáid leis an rang iomlán, le grúpaí nó le péirí agus is í an bhunobair atá déanta ag an mhúinteoir a chinnteoidh a éifeachtaí a bheidh siad mar idirghabhálacha don dalta aonair. Tá na gníomhaíochtaí a leanann catagóirithe lena shoiléiriú cén dóigh ar féidir iad a úsáid le cuidiú le forbairt litearthachta i réimsí áirithe. Is féidir cuid de na gníomhaíochtaí a imeascadh trasna na réimsí is praiticiúla den churaclam. Is réamhchleachtadh éifeachtach don léitheoireacht é ‘cluiche an phónaráin’, mar shampla, is féidir a úsáid le comhordú na súile clé go dtí an tsúil dheas a threisiú. Seasann daltaí agus a lámha sínte amach. Caitheann siad ansin pónarán ón lámh chlé go dtí an lámh dheas. Is féidir é seo a chleachtadh sa rang corpoideachais chomh maith.

Na gníomhaíochtaí sin ina gcuirtear rudaí i seicheamh, is féidir iad a threisiú san uimhearthacht, san eolaíocht, i gcorpoideachas, i gceol srl, agus beidh siad ina gcuidiú an scil seo a fhorbairt in obair fónaice, i sainathint focal, i dtuiscint, i litriú agus sa scríbhneoireacht, mar shampla,

- Cluichí uimhearthachta sa Mhata;
- Pictiúir de shaolré a chur i seicheamh sa Domhan Thart Orainn;
- Gníomhaíochtaí Corpoideachais a fhorbraíonn coincheap an tseichimh sa damhsa mar shampla, nó daltaí a chur in 2 ghrúpa agus ceol rithimeach á sheinm le linn do na grúpaí a bheith ag déanamh sraitheanna de ghníomhartha a léiríonn ‘obair tí’ nó ‘siopadóireacht’ nó ‘tógáil balla’.

Ar na straitéisí ginearálta eile a chuideoidh le daltaí a bhfuil deacrachtaí acu, tá:

- Coinnigh na tascanna litearthachta gairid. Bris suas ceachtanna ina míreanna gairide;
- Pleanáil athrá agus comhthéacsanna ina gcleachtar an scil chéanna ar dhóigheanna éagsúla. Cruthaigh deiseanna faoi choinne athléamh leabhar i gcomhthéacsanna difriúla – ag léamh go neamhspleách agus iad ag éisteacht le hinsint an scéil ar dhlúthdhiosca; athléamh i mbeirteanna; páirtnéireacht; páirtnéireacht léitheoireachta le tuismitheoir;
- Bain úsáid as téacsanna gairide a chríochnaítear d’aon léamh. Le leabhar is téagartha, tóg ar an scéal i sraitheanna, ag daingniú an mhéid a thuigtear go dtí seo go díreach roimh thabhairt faoin chéad chuid eile;
- Moltar cur chuige ilchéadfach le cuidiú le daltaí – ag úsáid spreagthach radhairc, éisteachta, gluaiseachtaí le dalta a threorú ar na cosáin is fearr a oireann dóibh i dtreo na litearthachta. Cuir san áireamh riachtanais an dalta nach bhfreagraíonn go maith do bharráíocht d’ionchur céadfaíoch.

## Scileanna teanga a fhorbairt

Agus iad ag tosú i suíomh réamhscolaíochta agus i mbunrang, bíonn réimse saibhir éagsúil d’eispéiris ag mórchuid na bpáistí óga cheana féin, eispéiris ar féidir forbairt na litearthachta a bhunú go daingean orthu. Tosaíonn na luath-eispéiris seo mar chumarsáidí sula ndeir an páiste a chéad fhocal. Ar na heispéiris atá ag páistí cheana féin agus a chuideoidh lena bhforbairt luath litearthachta, scileanna cumarsáide béil sa chéad teanga, coincheapa ar chló, eispéiris ar a ndomhan féin, agus cineál taithí ar chló. I gcás daltaí na Gaelscolaíochta,

is minic gur i gcomhthéacs an Bhéarla a bhíonn na luath-eispéiris seo acu. Fágann na hoideolaíochtaí tumoideachais gur i lár na cumarsáide atá teanga na scoile. Agus páistí ag tosú i naíscoil, tugann siad aghaidh ar phróiseas dinimiciúil débhealaigh ina mbíonn na réamh-eispéiris ar chumarsáid, ar theanga agus ar chló ag aistriú ó T1 go T2 agus ar ais go T1. I gcás páistí ilteangacha, bíonn gréasán leathnaithe de bhealaí aistrithe ag feidhmiú. Leis an réamhfhoghlaim a aistriú go héifeachtach go dtí comhthéacs T2, beidh ról tábhachtach ag scileanna labhartha agus tuisceana sa sprioctheanga maidir le cur chuige na scoile i leith fhorbairt luath na litearthachta. Úsáidfidh an múinteoir idirbheartaíochtaí béil leis na daltaí le an teagasc agus an fhoghlaim a threorú. Beidh comhrá acu, mar shampla, ar théacs a léadh leis an tuisceant a sheiceáil. Cuireann Marie Clay síos ar na hidirbheartaíochtaí céille seo mar 'fhormaidí comhrá le haghaidh foghlama' (1998, 22).

Ba chóir cuidiú le páistí a ghnóthaíonn scór coibhéis aoise íseal i gceithre thasc litearthachta InCAS, aithint focal, litriú, tuisceant agus díchódú trí úsáid a bhaint as straitéisí idirghabhála atá mar bhunchuid de gníomhaíochtaí teanga béil feabhsaithe:

- a) I gcomhthéacs an dara teanga, is mó brí a bheidh le haithint focal i gcló má bhí deis cheana féin ag an pháiste an focal a chluinstin agus é á úsáid le linn gníomhaíochtaí súgartha, mar shampla, nó in amhrán nó i rím. De ghnáth, ní mholtar focal nua a chur os comhair foghlaimeora nach raibh deis go fóill aige nó aici an focal a chluinstin ná a úsáid i gcomhthéacs bríoch béil. I gcás focail ardmhínicíochta as téacsanna páiste, beidh a bhformhór siúd ag comhfhreagairt d'fhocail ardmhínicíochta sa teanga labhartha (an, ag, tá, ar), agus beidh éisteacht agus labhairt ag cuidiú, mar sin, le léamh agus scríobh.
- b) Beidh deiseanna ag páistí chomh maith i ngníomhaíochtaí éisteachta, tuisceana agus labhartha eolas a chur ar phatrúin fhuaimne agus ar phatrúin mhoirfeolaíochta a bheidh ina gcuidiú san litriú.
- c) Cuidíonn an t-eolas atá ag na páistí ar stór focal béil na Gaeilge agus ar struchtúir theanga go mór leo an téacs clóite a thuiscint.
- d) Cionn is go bhfuil an oiread sin aimhrialtachtaí agus eisceachtaí ag baint le córais teanga, ní bheidh éifeacht ar bith le straitéisí díchódaithe má úsáidtear leo féin iad. Is bunús maith é cumas teanga béil leis na straitéisí seo a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach.

Trí fhorbairt teanga a phleanáil mar bhunchuid de gach gníomhaíocht sa seomra ranga, cinnteoidh múinteoirí tumoideachais go mbeidh curaclam luachmhar ar fáil do pháistí. Is féidir na gníomhaíochtaí foghlama uilig a úsáid le teanga béil a fheabhsú. Ag leibhéal an ranga mar aonad, is é an múinteoir a mhúnlaíonn struchtúir theanga, gnéithe gramadaí, seichimh theanga agus stór focal. Is féidir é seo a dhéanamh go neamhfhoirmiúil le linn gníomhaíochtaí súgartha struchtúrtha, nó ar bhonn níos foirmiúla sa léitheoireacht i gcomhpháirt. Labhraítear an teanga amach go soiléir, ag léiriú sosa idir clásail agus ag baint úsáide as athrá go minic, agus é seo a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla le go mbeidh deiseanna ag páistí a mbonn teanga a leathnú. Leis an chur chuige seo a chothromú, teagasctar teanga béil ar dhóigh ríleir, teagasc atá mar bhunchuid chomh maith den traschuraclam. Is féidir mar shampla, comhchiallaigh a mhealladh ó na páistí lena gcur in áit spriocfhocal i ndán, nó aidiachtaí a roghnú le cur síos ar ábhair éagsúla atá istigh i mála, nó aidiachtaí comparáideacha a chleachtadh agus na daltaí ag déanamh comparáide idir cainníochtaí sa mhatamaitic – níos mó, níos lú, níos faide, níos gairide.

## Buarthaí faoi mhoill urlabhra agus teanga

Cruthaíonn múinteoirí Gaelscolaíochta ag an bhonchém sa naíscoil timpeallacht luachmhar spreagthach foghlama a chothaíonn forbairt teanga sa Ghaeilge. Sa dóigh nach measfar

an mhoill urlabhra agus teanga mar an ‘tréimhse thostach’, nuair a bhíonn aird iomlán an fhoghlaimora óig dírithe ar scileanna glactha na Gaeilge a fhorbairt, ba chóir do mhúinteoirí deiseanna a thapú leis an pháiste a bhreathnú i suímh eile teanga. Le linn súgartha shaoir, mar shampla, nó ar na hócáidí sin nuair is é Béarla rogha na ndaltaí óga agus iad ag caint lena gcairde, is féidir le múinteoirí breathnú ar an dóigh a mbíonn na páistí ag labhairt Béarla i gcomhthéacsanna nádúrtha. Trí labhairt le tuismitheoirí is féidir léargas a fháil ar an dóigh a n-úsáideann an páiste teanga sa bhaile. Má dhéantar breathnuithe córasacha le linn tascanna mheasúnú ÁML, is féidir go bhfaighidh an múinteoir amach go bhfuil moill teanga ann agus go bhfuil idirghabháil luath le déanamh. Is féidir go mbainfidh le sé deacracht eatramhach éisteachta, le deacracht próiseáil fóineolaíochta, nó le neamhord. Beidh ar pháistí áirithe cuidiú a fháil ó theiripeoir urlabhra agus teanga. Is féidir le páistí eile an mhoill seo a shárú as a stuaim féin, gan aon chuidiú ó shaineolaí seachtrach. Na páistí uilig a léiríonn moill teanga, beidh ar an mhúinteoir am aonair breise a thabhairt dóibh ar bhonn laethúil, agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcomhrá. Is féidir go mbeidh gníomhaíochtaí agus cluichí ina mbunchuid de chlár struchtúrtha feabhsúcháin. Sna trí gníomhaíocht seo thíos, mar shampla, d’fhéadfadh an múinteoir aird a dhíriú ar chnuasaigh chonsan le go mbeidh siad níos intuigthe:

## 1) Cluiche clár pictiúr

- Clár A4 ar a bhfuil tuairim is 8-12 léaráid nó pictiúr a léiríonn fuaim urlabhra (m.sh. pictiúir d’fhocail dar tús ‘tr’, amhail trá, trí, trom, traein, trácht, trasna, triantán, troid) agus iad curtha i seicheamh mar a bheadh nathracha agus dréimírí.
- Díste íseal (1-3).



Caitheann an páiste an díste agus cuntaiseann an líon sin de phictiúir (1, 2 nó 3). Deir an páiste go soiléir an focal a léiríonn an pictiúr é (m.sh. troid). Tig leis an mhúinteoir an focal a rá chomh maith, ag fuaimniú an ‘tr’ go soiléir, agus deir an páiste é seo arís.

Is féidir leagan eile den ghníomhaíocht seo a imirt ar an urlár, le pictiúir A4 agus iad leagtha amach mar a bheadh cleas na bacóide ann.

## 2) Cluiche Kim (i)

- 2 thacar de phictiúir bheaga nó spléach-chártaí ar a bhfuil 3 nó 4 cheann de rudaí difriúla a léiríonn fuaim urlabhra, m.sh. snámh, sneachta, snap.
- Scáthlán le cártaí an mhúinteora a scaradh ó chártaí an dalta.
- Gúshnáth gorm.



Sa leagan seo de chluiche Kim roghnaíonn an múinteoir cárta amháin agus greamaíonn de thaobh amháin den scáthlán le gúshnáth gorm é, gan cead ag an pháiste an cárta a roghnaítear a fheiceáil. Deir an múinteoir go soiléir ansin an focal atá á léiriú ag a c(h)árta, m.sh. **‘snámh’**. Roghnaíonn an páiste pictiúr a mheaitseálann an focal agus greamaíonn é ar a t(h)aobh féin den scáthlán. Deir an páiste an focal arís agus tiontaíonn an scáthlán thart lena sheiceáil an bhfuil an dá phictiúr mar an gcéanna.

### 3) Snap

- Péirí pictiúr nó léaráidí a léiríonn fuaim urlabhra ina bhfuil consan agus cnuasach consan, m.sh.
  - srón; rón
  - slán; lán
  - trí; rí
  - trua; rua.
- Scáthlán le tacar cártaí an mhúinteora a scaradh ó chártaí an dalta.
- Gúshnáth gorm.

Is ar idirdhealú éisteachta a dhíríonn an leagan seo de snap. Tá sé tábhachtach nach mbeidh an páiste ag amharc ar bhéal an mhúinteora le linn na gníomhaíochta. B'fhéidir gur mhaith leis an mhúinteoir a mheabhrú don pháiste ar dtús cad é atá á léiriú i ngach ceann de na pictiúir. Tabharfaidh an múinteoir leid don pháiste le bheith ag éisteacht, m.sh. "An bhfuil tú réidh le bheith ag éisteacht?" Greamaíonn an múinteoir an cárta cuí ar a t(h)aobh féin den scáthlán agus deir an múinteoir an focal go soiléir ansin, m.sh. 'trí'. Tig leis an mhúinteoir leid a thabhairt ansin tríd an 2 fhuaim chontrártha a rá, "An ndúirt mé 'rí' nó 'trí'?" agus deir an múinteoir 'Trí' arís. Roghnaíonn an páiste an cárta a mheaitseálann an focal agus tiontaíonn sé/sí an scáthlán leis an fhreagra a sheiceáil. Is féidir an cluiche a imirt trí dhá phictiúr a thaispeáint san am, nó 4 nó 6 cinn de phictiúir a thaispeáint.

## Tuiscint fhóineolaíoch

Baineann tuiscint fhóineolaíoch go díreach le forbairt urlabhra agus theanga an pháiste agus le litearthacht chomh maith. Cuirtear tús le tuiscint fhóineolaíoch mar scil réamhléitheoireachta, cé go mbíonn sí ag forbairt i ngaol cómhalmartach leis an léitheoireacht. De réir mar a thosaíonn páiste ag léamh, forbraítear tuiscint fhóineolaíoch ar leibhéal nua. Bíonn fo-scileanna eile amhail tuiscint fhóinéimeach agus fónaic ann. Tagraíonn an téarma leathan 'tuiscint fhóineolaíoch' don tuiscint atá ag páiste ar chóras fuaimne a t(h)eanga féin agus don tuiscint gur féidir teanga a bhriseadh síos ina haonaid bheaga fuaimne. Is ar an tuiscint seo atá forbairt litearthachta bunaithe agus tosaíonn sé go hiontach luath i saol an pháiste. Tuigtear gur gléas iontaofa í tuiscint fhóineolaíoch le rath i bhfoghlaim na léitheoireachta a réamh-mheas (Goswami agus Bryant, 1990). Ina dhiaidh sin, má shainnítear go luath go bhfuil easnamh ag páiste sa tuiscint fhóineolaíoch agus má phleanáiltear straitéisí cuí idirghabhála in am, is féidir nach mbeidh difear suntasach idir forbairt litearthachta páiste ag a bhfuil deacrachtaí agus páistí eile dá (h)aois féin. Déanann Rose anailís ar na buntáistí a bhaineann le "clár bríomhar d'obair fhónach a bheith mar fhíor-bhunchuid de churaclam leathan a leagann béim ar shaibhreas teanga" (2006, 16).

Bíonn tuiscint fhóineolaíoch á forbairt de réir patrúin shoiléir de chéimeanna, cé nach gcaithfidh páistí dul trí na céimeanna seo in aon seicheamh ar leith. Forbraítear an tuiscint ar fhocail agus ar shiollaí go dtuigtear fuaimneanna tosaigh agus fuaimneanna deiridh taobh istigh d'fhocail agus de shiollaí, agus go dtuigtear, ar deireadh, na fuaimneanna beaga aonair taobh istigh d'fhocail. Ní fhanann páistí, áfach, le scil amháin a fhoghlaim sula dtugann siad aghaidh ar scil eile. Tá trí fho-scil ghinearálta ann, mar atá:

Tuiscint ar fhocail agus ar shiollaí	Páistí ag scaradh focal ina siollaí, ag bualadh bos de réir shiollaí a n-ainm; rainn do pháistí a rá; focail nua a mholadh le líne in amhrán nó i rann do pháistí a chríochnú. Ar ball, beidh páistí ag cumasc siollaí le focail aithnidiúla a dhéanamh.
--------------------------------------	--



<b>Tuiscint ar thúsfhoghair agus rím taobh istigh de shiollaí agus d'fhocail</b>	Sainnithníonn páistí fuaimeanna ag tús siolla nó focail agus an t-aonad fuaime eile sa siolla nó san fhocal sin. San fhocal hata, mar shampla, is é 'h' an túsfhoghar agus is é 'ata' an rím. Is féidir go dtosóidh páistí ansin ar analaí leis an rím a aithint, mar atá san fhocal 'bata'. Beidh sé seo ina scil thábhachtach ar ball chun cuidiú leis an litriú.
<b>Tuiscint ar fhóinéimí</b>	I dtaca le tuiscint fhóineolaíoch de, is é tuiscint fhóinéimeach an chéim dheiridh, nuair a aithníonn páistí gurb é is focal ann ná aonaid aonair d'fhuaim nó d'fhóinéimí. Is féidir na fuaimeanna seo a chumasc le focal aithnidiúil a dhéanamh, m.sh. cumascann na fuaimeanna /c/ /a/ /t/ le 'cat' a dhéanamh. Ar ball, scarfaidh na páistí fóinéimí i bhfocail aithnidiúla. Is céim chun tosaigh é ionramháil fóinéimí maidir le tuiscint fhóinéimeach a fhorbairt, fóinéim a mhalartú m.sh., le focal nua a chruthú (Abair an focal 'tóg'. Anois abair tóg le /p/ in áit /t/).

I saol amhairc an lae inniu, is minic a bhíonn ar mhúinteoirí bheith ag cuidiú le daltaí páirt a ghlacadh in éisteacht ghníomhach ar feadh tréimhsí méadaithe. Tá daltaí Gaelscolaíochta i gcomhthéacs an dara teanga. Tá na fuaimeanna sa timpeallacht nua agus pleanáiltear gníomhaíochtaí le haird na bpáistí a dhíriú ar na fuaimeanna seo ar dhóigh idirdhealaithe. Nuair a chaithear straitéisí idirghabhála a úsáid le cuidiú le daltaí aonair, tig leo tógáil ar ghníomhaíochtaí don rang agus do ghrúpaí, gníomhaíochtaí atá mar bhunchuid den chlár luath.

*“Tá an réimse d’fhaisnéis éistitheach ag leathnú i gcónaí, agus caithfidh páistí a fhoghlaim cén dóigh ar féidir é a idirdhealú agus ar féidir aird a thabhairt air, trí ghníomhaíochtaí éagsúla ceoil, trí shiúlóidí éisteachta’ agus trí chluichí. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh páistí ábalta bheith ag éisteacht go hidirdhealaitheach, le go dtig leo idirdhealú caolchúiseach a dhéanamh idir na fuaimeanna a bhíonn de dhíth le haghaidh urlabhra shoiléir agus an tuiscint fhóineolaíoch.”* (Palmer & Bayley, 2004, 12)

## Gníomhaíochtaí

### Roinnt gníomhaíochtaí éisteachta:

- Cluiche Kim le fuaimeanna, ag úsáid 2 thacar uirlisí ceoil. Iarrtar ar an pháiste fuaim an mhúinteora a athrá.
- Cá bhfuil an fhuaim? Cuir ‘fuaim’ (m.sh. clog callánach) i bhfolach sa seomra. Iarrtar ar dhalta foinse na fuaime a aimsiú.
- Lató fuaime.
- Fuaimeanna i seicheamh – 2 thacar uirlisí de dhíth. Iarrtar ar dhalta aithris a dhéanamh ar sheicheamh fuaimeanna a bhuail an múinteoir, nó dalta eile.
- Mála mothaithe – istigh ann tá rudaí a thosaíonn le fuaim áirithe, mar shampla ‘b’ (bábóg, bata, bróg, banana) agus iarrtar ar dhalta lámh a chur sa mhála agus rudaí a thosaíonn le ‘b’ a aithint.
- Bosca rímeanna nó foghar (bosca le rudaí a dhéanann rím – rón / lón / fón istigh ann. Is féidir le daltaí na rudaí a dhéanann rím a mheaitseáil.
- Rainn / ceol / dánta a rá gach lá.
- Siúlóid fóinéimí sa scoil (ag aithint fuaimeanna a thosaíonn ar / a chríochnaíonn ar fhuaim áirithe).
- Múinteoir ag scaradh fuaimeanna nó siollaí i bhfocal – iarrtar ar dhaltaí an focal a aithint. Bain úsáid as pictiúir a bhfuil an freagra ina measc, más gá sin. Déantar an ghníomhaíocht seo gan aird ar chló ar dtús báire.


## Fónaic:

Tugtar fónaic ar an chleachtas teagaisc a chuireann béim ar naisc chórasacha idir litriú agus fuaimeanna urlabhra.

Gníomhaíochtaí samplacha



**Roth focal (le rang iomlán mar ghníomhaíocht tosaigh nó le grúpaí nó le daltaí aonair. Tugann siad freagraí ó bhéal nó scríobhann ar chlár bán beag iad.)**

- Déan focail a thosaíonn le gach litir ar an roth.
- Déan focal amháin as na litreacha ar an roth.
- Cá mhéad focal a thig leat a dhéanamh leis na litreacha ar an roth?
- Cuir sprioc ama leis na gníomhaíochtaí seo.



m.sh. sean, gan, seo, sin, gean, ag .....

Cad iad na focail nua a dhéanfaí dá dtiocfadh leis an dalta síneadh fada a chur ar ghutaí?  
m.sh. sín, gá, gé, nó, sí, sé ...




m.sh. orm  
gorm  
ort  
go  
mo

ór  
mór  
óg  
ró


mac  
muc  
mic  
im  
am  
cam

má  
cá  
cú

## Feananna fóinéimí / graiféimí a úsáid




Taispeáin dom an fhuaim a chluineann tú  
(an litir) atá ag deireadh an fhocail seo: B U S



Cad iad na gutaí atá i lár an fhocail?  
S U A S, S E A S

Taispeáin dom an focal,  
L Ó N, L Á N,  
R Ó N, L Á R



Cá mhéad focal a thig libh a dhéanamh leis an fhean?  
Taispeáin dom an focal 'urlár'.  
Athraigh 'ocht' go 'bocht'.




### Cluichí fónaice

- Gníomhaíochtaí rialta, mar shampla, ag tús gach lae imríonn 2 fhoireann sa rang cluiche le horláiste 2 bhomaite, "Cá mhéad focal a fheicim sa seomra a chríochnaíonn ar 'a'? Cá mhéad focal a fheicim sa seomra a bhfuil 2 shiolla iontu? Cá mhéad focal dar tús 'b' a thig liom a rá?"
- Tá cluichí foghraíochta an-oiriúnach mar ghníomhaíocht aonair, don chéad 5 bhomaite sin ag tús an lae nuair a thagann dalta isteach sa rang, mar shampla, bosca a bhfuil cártaí fuaime iontu. Cuirtear na cártaí ar an tábla, béal fúthu, agus de réir mar a thiontaíonn an dalta gach cárta, fuaimníonn sé nó sí amach é don mhúinteoir, m.sh. bosca défhoghar, ua, ío, ia, agus focail ina bhfuil siad.

### Boscaí Elkonian

Cleachtar na gníomhaíochtaí seo ar dtús gan téacs ar bith. Deir an múinteoir an focal atá le taispeáint, m.sh. CAT. Iarrtar ar an dalta cnaipe fuaime a bhogadh isteach i ngach bosca le linn dó nó di an focal a rá.



Nuair atá smacht ag an pháiste ar an ghníomhaíocht seo a léiríonn tuiscint ar mheaitseáil fuaimne le gluaiseacht, is cuí tosú ar litreacha a bhogadh isteach sna boscaí le linn dó nó di an focal a fhuaimniú.

s	r	ó	n
---	---	---	---

f	u	a	r
---	---	---	---

b	a	n
---	---	---

Más patrún an fhóinéime atá á chleachtadh le dhá ghuta, beidh sé ina chuidiú stiallacha a léiríonn líon na bhfóinéimí seachas líon na litreacha a úsáid:

--	--	--

**s**      **ea**      **n**

--	--

**s**      **eo**

## Boscaí litreacha

Is iomaí gníomhaíocht is féidir a dhéanamh leis na boscaí de litreacha éagsúla.

- Consain a fhuaimníonn an dalta de réir mar atá siad á dtiontú aige nó aici;
- Gutaí fada agus gutaí gairide, tiontaítear iad ina mbeirteanna ag cuardach péirí – a agus á; i agus í; u agus ú; srl. Fuaimníonn an dalta an guta a thiontaítear agus cuardaítear an guta a chomhfhreagraíonn leis;
- Cnuaschonsain a fhuaimnítear agus a chuirtear i bhfocal – br; sr; sn; tr; cr ...

		ó	g
--	--	---	---

		á	m	h
--	--	---	---	---

		o	m
--	--	---	---


		a	n	n
--	--	---	---	---

		ó	n
--	--	---	---

### Siollaí a scaradh agus a chumasc

- Páistí i gciorcail. Tambóirín á chur thart agus dalta ag bualadh amach líon na siollaí ina (h)ainm.
- Páistí ag scríobh a n-ainm sna ciorcail ar an phirimid siollaí ar an chlár idirghníomhach.
- Páistí ag bogadh pictiúr/focal isteach ar an phirimid siollaí, de réir líon na siollaí, ag fuaimniú na siollaí.

**CLÁR IDIRGHNÍOMHACH**  
(gluaiseacht chinéiteach, patrúin radhairc agus fuaimne)



**banana oráiste piorra  
úll arán im ispíní subh**

## Patrúin litreacha

Tá léirtheagasc na rialacha foghraíochta / litrithe de dhíth ar pháistí. Ba cheart don mhúinteoir na patrúin litreacha a mhíniú agus a phlé. Agus tú ag obair le seicheamh patrún, mar shampla,

**méar géar féar béar**

ná glac leis go bhfuil aird an pháiste ar an phatrún a fheiceann tusa, i.e. 'éa'. Is féidir go mbeidh an dalta ag amharc ar 'mé' nó ar an deireadh, 'ar', nó ar chuid eile den fhocal. Is gá a aird a dhíriú ar an phatrún.

Caithfidh an foghlaimeoir na comharthaí bóthair agus nósanna litrithe a fhoghlaim, go háirithe mura mbaintear tairbhe as leideanna radhairc nó fuaim. Coinnigh simplí iad agus bíodh deiseanna athfhoghlama rialta ar fáil, mar shampla,

- Rialacha a bhaineann le litreacha dúbailte – nach bhfuil ach 3 cinn ann (ll, nn, rr);
- Dóigheanna a n-athraíonn 'h' fuaim consan;
- An tionchar a bhíonn ag síneadh fada ar fhuaimniú agus ar chiall an fhocail (seo/seó; ba/bá; cead/céad; ar/ár);
- Díriú aird ar dheirí coitianta – anna, aí, í, igh ag úsáid dathanna éagsúla le na patrúin fuaimne a aithint agus a aibhsiú i bhfocail. Cuirtear leis na liostaí seo nuair a aithníonn an dalta focail bhreise a leanann patrún -

**cailíní**  
**liathróidí**  
**mamaí**  
**cótaí**  
**leoraí**  
**cheannaigh**  
**tosaigh**  
**gheimhridh**

**bolú**  
**mothú**  
**súgradh**  
**madadh**  
**geimhreadh**  
**samhradh**  
**déanamh**  
**snámh**

Is féidir cur leis an phatrún ag léiriú na bhfuaimneanna seo i lár focal,

**oighear**  
**dóighiúil**

## Aithint litreacha

### Samplaí de ghníomhaíochtaí gairide le litreacha maighnéadacha:



Caithfidh páistí a bheith ábalta cruthanna agus gnéithe eile na litreacha uilig a aithint go gasta. Caithfidh siad a bheith ábalta litreacha a aireachtáil ó amharc go hiontaofa gasta. Ba chóir na gníomhaíochtaí seo a choinneáil gearr. Páistí a bhfuil deacrachtaí acu litreacha a aithint, rachaidh na gníomhaíochtaí éagsúla tadhaill is féidir a dhéanamh le litreacha maighnéadacha chun tairbhe dóibh. Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo chomh maith le comhordú súile is

láimhe, leis an aibítir a fhoghlaim agus le fónaic. Is ar fheidhmíocht an pháiste i dtasc aithint litreacha ÁML a bhunófar na pointí teagaisc, ag cur leis an eolas roimhe seo. Cad iad na focail is féidir leis an pháiste a aithint anois, atá soiléir ón tasc Sainaithint Litreacha? Cad iad na sonraí i gcló atá ar eolas ag an pháiste cheana féin, atá soiléir ó Choincheapa ar Chlór? (Clay, 2006, 23). Le fírinne, caithfear na litreacha a rófhoghlaim le go dtabharfar freagraí gasta cruinn ó amharc.

Ar na hidirghabhálacha le cuidiú le haithint litreacha agus le haithint focal, tá gníomhaíochtaí éagsúla a chuirfidh le cumas aithint litreacha an pháiste. Is féidir go mbainfear úsáid as litreacha maighnéadacha i gceann amháin de na gníomhaíochtaí seo. Anseo thíos tá cuid de na gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh le litreacha maighnéadacha.

#### Aird a dhíriú ar chosúlachtaí

- Tosaigh le litreacha a aithníonn an páiste.
- Meaitseáil i bpéirí nó i ngrúpaí litreacha atá cosúil lena chéile (litreacha atá ar aon dath; litreacha atá ard; litreacha sa chás íochtair).
- Iarr ar an pháiste an t-aon litir dhifriúil i ngrúpa a aithint.
- Gutaí a roghnú as grúpa litreacha.
- Cuir 4 shampla den litir amháin (e) agus 3 litir eile ar an chlár. Iarr ar an pháiste na 'e -anna' a ghrúpáil le chéile.

#### Aird a dhíriú ar éagsúlachtaí

- Tosaigh le litreacha a aithníonn an páiste.
- Sórtáil litreacha atá an-éagsúil lena chéile ar dtús (b, h, f, l, k, .....a, c, e, n, m).
- Meaitseáil litreacha sa chás uachtair le litreacha sa chás íochtair.

#### Seicheamh

- Cuireann an páiste 5 litir in ord aibítire.
- Bain ar shiúl litir as grúpa atá in ord aibítire. Cén ceann? Cuireann an páiste ar ais í.
- Déan focal aithnidiúil le litreacha. Measc le chéile iad. Cuireann an páiste le chéile iad (roinnt uaireanta).

#### Déanamh agus briseadh focal

- Tús - Tabhair na litreacha as focal aithnidiúil don pháiste. Iarr ar an pháiste é a dhéanamh (m.sh. mé, sa, cat, tá). Tugtar deiseanna don pháiste éirí cleachta le litreacha a rianú le méar, iad a bhaint ar shiúl agus a chur ar ais, ina n-aonar mar chnuasach. Is féidir litir 'l' sa chás íochtair a úsáid don síneadh fada.
- Déan 2 fhocal le patrún, ag tabhairt na litreach don pháiste (tá, lá). Tabhair na litreacha don pháiste don 3ú focal 'bá'. Iarr ar an pháiste é a dhéanamh agus na 3 fhocal a léamh.
- Níos deacra: déan 'mé'. Tabhair an litir 's' don pháiste agus iarr air/uirthi an focal a athrú go 'sé'.

## Aithint focal

- Tá grúpa beag focal ann atá an-choitianta i leabhair léitheoireachta dhaltáí R1-R3. Caithfidh na páistí a bheith ábalta na focail seo a spléach-aithint sa dóigh nach gcaithfear barraíocht oibre a dhéanamh ar fhadhbriteach. Beidh na focail aithnidiúla seo ina gcuidiú le líofacht léitheoireachta agus leis an scríbhneoireacht. Is minic gurb



iad na focail bheaga seo a mbíonn deacrachtaí ag páistí leo. Tá cuid acu an-chosúil le focail bheaga eile agus is furasta iad a mheascadh lena chéile (an, na, ar, nó, ón, as, sa). Mar sin de, tá réimse gníomhaíochtaí de dhíth le cuidiú le daltaí cur lena stór focal aithnidiúil.



- Cluichí focal a dhéanamh go rialta agus go gasta – biongó, snap, cruthú focal le litreacha maighnéadacha, daltaí ag meaitseáil focal le pictiúir.
- Ballaí Focal bunaithe ar fhocail atá de dhíth ar na daltaí sa rang. Déan balla de na focail ardmhínicíochta atá de dhíth go coitianta faoi láthair. Cuir leis an liosta de réir a chéile, cúpla focal ar a mhéad in am ar bith. Roghnaigh cineálacha eile focal do chairt eile, cuir focail a bhaineann leis an obair ranga atá ar siúl faoi láthair ar taispeáint.
- Mínigh an córas do na daltaí – focail in ord aibítire, nó focail ar a bhfuil pictiúr nó siombal, grúpaí focal i ndathanna. Déan tagairt don bhalla focal go minic i rith an lae.
- I gcás daltaí aonair a mbíonn deacrachtaí acu ag tógáil focal súlaitheanta, bíonn sé ina chuidiú am a chaitheamh gach maidin ag léamh focal ar bhalla d'fhocail aonair agus réalta a ghreamú ar an áit is airde ar an bhalla a bhaineann an páiste amach an mhaidin sin. Tá an cleachtadh seo ina chuidiú le measúnú neamhfhoirmiúil a dhéanamh.
- Cluichí sa Mhata Mheabhrach le focail ardmhínicíochta (féach ÁML, 2006, lth 191).
- Scairteann an múinteoir, nó dalta, oibríochtaí amach, ag súil le focal mar fhreagra.

### Samplaí:

1 = an	
2 = ag	
3 = tá	2 + 7 = bhí
4 = ar	5 × 2 = sa
5 = agus	10 – 6 = ar
6 = arsa	ag + tá = <input type="text"/>
7 = a	
8 = sé	
9 = bhí	
10 = sa	

## Tuiscint agus ciall

Tá léamh 'le haghaidh brí' ar cheann de na dúshláin is mó a bhíonn roimh dhaltaí atá ag streachailt le dul chun cinn sa litearthacht. Is é 'léamh le haghaidh brí' an straitéis is lú a bhíonn in úsáid ag daltaí le fadhb i dtéacs deacair a réiteach. Mar sin de, tá sé an-tábhachtach go roghnófar leabhar cuí agus straitéisí cearta fadhbraitigh sula gcaillfidh daltaí suim nó misneach. Nuair a thagann léitheoir éifeachtach ar dheacrachtaí i dtéacs, bíonn air dul i muinín an eolais atá aige cheana féin ar an teanga, ar an domhan, agus ar dhóigheanna a mbíonn cló ag feidhmiú. Cuardaíonn sé na leideanna a bheidh ina gcuidiú aige brí a bhaint as na focail. Ní leor díchódú focal, ná an léamh gasta, ná an léamh líofa, le focail a aithint agus le sonraí a



choinneáil san intinn. Caithfear próisis chomhuaineacha a chur i bhfeidhm le brí a bhaint as téacs. Ní féidir é sin a dhéanamh má bhíonn aird iomlán an pháiste dírithe ar dhíchódú focal.

Caithfidh mórscileanna áirithe a bheith ag léitheoir le teacht ar bhrí, scileanna amhail achoimriú agus sintéisiú, ceistiú, soiléiriú, tuar, agus cuidíonn an múinteoir le daltaí na scileanna sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

**Achoimriú agus sintéisiú:** Is straitéis leanúnach í seo a bhíonn in úsáid ag léitheoirí go minic agus go rialta agus iad ag léamh. Nuair a léimid téacs, bímid de shíor ag stopadh agus ag achoimriú pointí tábhachtacha, inár n-intinn féin, ar a bhfuil léite againn go dtí sin. Beidh an straitéis seo an-tábhachtach do dhaltaí agus iad ag déanamh staidéir. In amanna breactar nótaí beaga ar imeall an leathanaigh, nó líontar fráma achoimrithe isteach leis na príomhphointí a achoimriú (Frey, N. et al 2009, 30).

**Ceisteanna a chur:** Agus daoine ag léamh ar son tuisceana, cuireann siad ceisteanna orthu féin agus téann siad ar thóir na bhfreagraí. Is cuid den phróiseas foghlama iad na ceisteanna seo. Nuair a imrítear an 'suíochán te' sa rang, daltaí ag cur ceisteanna ar charachtar faoina iompar nó faoi ghné eile den scéal, spreagtar an plé agus na ceisteanna a chothaíonn tuiscint agus a chuidíonn leis na daltaí an bhrí a aimsiú. Beidh sé ina chuidiú don phróiseas foghlama seo má chuirtear an t-údar sa 'suíochán te'. Abair go bhfuil an t-údar anseo linn, cad iad na ceisteanna a chuirfimid air nó uirthi?

**Soiléiriú:** Is furasta aird a chailleadh agus dul ar strae le linn léitheoireachta. Caithfear an fhadhb a shoiléiriú ar ócáid mar seo – cad chuige nach bhfuil seo soiléir againn? Is é an chéad chéim eile réiteach ar an fhadhb a chuardach agus straitéis chuí a roghnú. Is féidir gurb é an straitéis is éifeachtaí ná tosú ar cheisteanna a chur, nó ar an fhadhb a phlé le daoine eile, nó brí an fhocail a chuardach i bhfoinse eile. Bíonn sé ina chuidiú in amanna an líne nó an sliocht a athléamh. Straitéis eile a bhíonn ina chuidiú le fadhb a réiteach is ea an t-eolas a chros-seiceáil. Ag leibhéal an-bhunúsach, abair nár aithin dalta an focal 'amach' san abairt, 'Amach liom sa ghairdín.' Nuair a úsáideann an dalta leideanna amhairc mar chuidiú, léann sé nó sí, 'Amharc liom sa ghairdín.' Is í an fhéinmhonatóireacht a spreagann cros-seiceáil nuair a aithníonn an dalta nach bhfuil ciall leis sin agus nach bhfuil sé ceart 'amharc liom' a rá i nGaeilge. Dá bhrí sin, roghnaítear straitéis eile le cuidiú leis an dalta (mar shampla, ag cur na ceiste; cén rud ciallmhar a thiocfadh leat a rá ansin? Nó, briseann an dalta an focal síos ina dhá fhocal bheaga a aithníonn sé nó sí, am / ach, agus fuaimnítear iad.)

**Tuar:** Is minic a chleachtar tuar sula léitear téacs sa rang. Ach is straitéis leanúnach í a bhíonn in úsáid ag an léitheoir rathúil tríd síos an léitheoireacht, de réir mar a bhíonn an scéal ag forbairt. Nuair nach dtagann tairngreacht ar an tuar, is cuí tuar nua a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus ar leideanna a thug an t-údar dúinn. Ní gníomh randamach é. Nuair a athraíonn léitheoirí an tuar, ba cheart go dtuigfeadh siad cad chuige ar athraíodh a dtuairim faoi thoradh éigin. Is í an fhiosracht faoin téacs a spreagann tuartha ábhartha.

Seo thíos straitéisí teagaisc a chuidíonn le daltaí a bhfuil deacracht acu maidir le tuiscint agus ciall:

#### **Roimh léamh:**

- Intreoir a phleanáil don leabhar nua. Forbhreathnaigh an scéal go gasta, agus fág go leor ag an léitheoir óg lena fhiosrú agus lena aimsiú. Déanann an dalta tuar faoi ghnéithe den scéal.
- Cleacht na príomhstruchtúir gramadaí agus an stór focal dúshlánach atá sa leabhar, i ngníomhaíochtaí eile agus mar chuid de chomhrá nádúrtha, sula dtosaítear ar an leabhar nua a léamh.
- Cuir i gcuimhne don pháiste na scileanna atá aige nó aici agus atá le cur i bhfeidhm agus an scéal á léamh. Ná luaigh ach pointe nó dhó.

### An léamh ar bun:


- Bain úsáid as leideanna nuair atá fadhb le réiteach (féach leideanna).
- Cuidigh leis an dalta an t-eolas agus na scileanna atá aige nó aici cheana féin a chur i bhfeidhm.
- Spreag an dalta le príomhsmaointe an scéil a aithint, ag infeiriú, ag dul chun tosaigh agus siar le pointí a shoiléiriú.

### An léamh thart:

- Gabh siar ar chúpla rud a bhí éifeachtach. “Is maith liom an dóigh ar léigh tú an cheist seo; Is maith liom an dóigh ar cheartaigh tú an earráid ar an leathanach seo. Cén dóigh ar oibrigh tú sin amach?”
- Roghnaigh pointe amháin teagaisc agus díriú air an dalta air seo.
- Gearr suas abairtí as sliocht a léadh, agus iarr ar an dalta iad a chur i seicheamh, nó gearr suas focail as abairt amháin agus iarr ar an dalta iad a chur san ord ceart arís.
- Spreag an dalta le hathmhachnamh a dhéanamh ar an scéal agus é a achoimriú.

### Straitéisí eile a chuidíonn le léamh agus le brí a bhaint as scéal:

- Simpligh an scéal atá le léamh – roghnaigh go cúramach na sleachta den leabhar a bheidh fóirsteanach don dalta. Is tábhachtaí é seo arís cionn is nach bhfuil réimse de bhandáí leabhar céimnithe ar fáil i nGaeilge.
- Cruthaigh léarscáil den scéal. Taispeáin an áit a bhfuil an dalta sa scéal sula dtosaítear ar gach seisiún léitheoireachta.
- Bain úsáid as pictiúir d’imeachtaí an scéil le seicheamh a chleachtadh.
- Bain úsáid as díslé a bhfuil pictiúr d’imeacht ar gach aghaidh. Caitheann daltaí an díslé ar a seal agus míníonn siad 3 rud faoin pictiúr ar an bharr.
- Spreag na daltaí le príomhthréithe an scéil go dtí seo a achoimriú.
- Bíodh deiseanna ag daltaí iad féin (nó cara) a cheistiú faoin scéal - Cé? Cad é? Cá háit? Cén uair?
- Cruthaigh léarscáil leis an chaidreamh idir carachtair a léiriú, na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir 2 charachtar ar léaráid Venn:



## Litriú

Níl sa litriú ach aon ghné amháin den scríbhneoireacht. Cuireann múinteoirí béim ar an ábhar scríofa, ag spreagadh na ndaltaí le focail chuí a chur ar a gcuid smaointe, sult a bhaint as an phróiseas sin agus go leor muiníne a bheith acu le iad a chur ar pháipéar. Coinnítear an aird ar an teachtaireacht.

*“Is é an sainmhíniú a thugaim ar léitheoireacht ná gníomhaíocht ina bhfaightear teachtaireachtaí le fadhbanna a réiteach, agus a thugaim ar scríbhneoireacht ná gníomhaíocht ina seoltar teachtaireachtaí le fadhbanna a réiteach” (Clay, 2006, iii).*

Is sprioc dhúshlánach é cothromaíocht a aimsiú idir spreagadh líofachta agus sruth smaointe sa chumadóireacht, agus idirghabháil chuí a sholáthar maidir le litriú. Is céim amháin i bpróiseas na scríbhneoireachta é prof-léitheoireacht agus ceartú litrithe. Tá sé tábhachtach go mothaíonn na daltaí go dearfach maidir le ‘tabhairt faoin’ tasc. Luaitear nós, a d’fhéadfadh a bheith ina chuidiú, sa chlár Athshlánú na Léitheoireachta, is é sin páistí a spreagadh le leathanach cleachtaidh a úsáid go héifeachtach le focal dúshlánach a thriail, ag seiceáil ‘an bhfuil an chuma cheart air’, agus na straitéisí a chur i bhfeidhm leis an fhadhb a réiteach. I ndiaidh tamaill, ní bheidh ar an mhúinteoir a mheabhrú don dalta gur cóir dó an leathanach cleachtaidh a úsáid.

Faoi dheireadh Eochairchéim 1, mura mothaíonn daltaí ar a suaimhneas faoin litriú, is minic a roghnaíonn siad na focail is simplí a thig leo a litriú go beacht agus cuirtear teorainn leis an chumadóireacht. Is féidir leis an mhúinteoir dearcadh dearfach stuama a eiseamláiriú do na daltaí, le linn scríbhneoireachta i gcomhpháirt, gan ligean d’amhras faoin litriú cosc a chur ar an scríbhneoireacht. Ar a bharr sin, tá treoir de dhíth le cuidiú leis na daltaí a aithint go gcaithfidh siad aird chúramach a dhíriú ar litriú, agus leis na straitéisí is éifeachtaí a chur i bhfeidhm.

Bíonn tuiscint ar phatrúin agus ar rialacha de dhíth le neamhspleáchas agus cruinneas éigin a bhaint amach sa litriú agus sna bunscileanna a bhaineann le:

- |                                |   |                                     |
|--------------------------------|---|-------------------------------------|
| 1. idirdhealú cluasa           | } | Cur chuige ilchéadfach cuimsitheach |
| 2. idirdhealú radhairc         |   |                                     |
| 3. gearrchuimhne / fadchuimhne |   |                                     |

Is cuí tuismitheoirí a spreagadh le tacú le forbairt na scileanna seo le cuidiú leis an litriú, mar shampla,

1. Forbairt na foghraíochta (ón chliabhán) agus béim mhór uirthi le linn na luathbhlianta;
2. Béim ar chruthanna; ar litreacha; ar phatrúin; ar mheaitseáil, srl.
3. Cluichí agus cleachtaí a fhorbraíonn gearr- agus fadchuimhne, atá tábhachtach le focail ardmhínicíochta a fhoghlaim;
4. Forbairt Fónaice (rímeanna, rainn, cluichí).

Nuair a léiríonn daltaí deacracht le litriú, bíonn cuidiú cuimsitheach de dhíth. Le go mbeidh rath ar an obair seo, caithfear bealaí éagsúla a chur i bhfeidhm. Chonaic mé an cur chuige samhlaíoch seo in úsáid i seomra ranga do dhaltaí a bhí ag iarraidh castachtaí a bhain le dléicse a shárú. Rinne na daltaí féinmheasúnú ar an ríomhaire agus clár litrithe in úsáid acu. Fuair an dalta aiseolas láithreach ar a iarracht. Chuaigh sé as a stuaim féin chuig tráidire gainimh, mar ar scríobh sé aon fhocal ar an ríomhaire nach raibh ceart aige. Chleacht sé iad le litreacha maighnéadacha, má bhí fonn air sin a dhéanamh. Ina dhiaidh sin scríobh sé na focail ina chóipleabhar. Tugadh deiseanna dó na focail seo a chleachtadh i gcomhthéacs fosta, le deachtú, nó lena n-úsáid i scéal beag. Uair eile sa lá, díriodh aird an dalta ar rialacha bunúsacha a bhain le patrúin litrithe, mar tugann an tuiscint sin tacaíocht, go háirithe má bhíonn deacracht ag dalta patrún amhairc agus fuaimeanna a aithint.

Cur chuige a chuidíonn le litriú:

- Focail Ardmhnicíochta: Caithfear iad seo a scríobh ó chuimhne. Seo iad na 10 bhfocal is minice i leabhair léitheoireachta do dhaltaí R1-R3, mar threoir: an, ag, tá, ar, agus, arsa, a, sé, bhí, sa.
- Focail ábhartha eile: Bíonn focail a bhaineann le topaicí agus le téamaí reatha de dhíth, ar bhalla focal nó ar taispeáint. Dírigh go minic ar chúpla focal as an liosta – ag daingniú straitéisí le cuimhneamh orthu.
- Focail a bhfuil rím nó comhshondas iontu: (le foghlaim de ghlanmheabhair).

Éist le focal nuair a scairtear amach é;

Cuardaigh an focal as liosta focal;

Roghnaigh an focal ceart;

Scríobh an focal go cúramach.

Dírigh ar aon pointe teagaisc a bhaineann le patrún litrithe – mar shampla deirí focal, séimhiú, consain chaola agus consain leathana, agus cuidigh le daltaí an patrún sin a thuiscint.

- Deiseanna ag daltaí na focail a foghlaimíodh ar na mallaibh a dhaingniú i gcomhthéacs.

### Samplaí de ghníomhaíochtaí eile:

1. Meaitseáil focal le pictiúr. Scríobh an focal ceart.

2. Cuardach focail i sraith focal nó i gcearnóg focal, m.sh.

Cuir ciorcal thart ar an fhocal **ag**  
**catagtámamaíagnílag**

Cuir dath dearg ar an fhocal **ag**  
agus dath glas ar an fhocal **ar**

**artámadadhdaidía**  
**deargbainneagmar**  
**láfuarmórfeartháag**  
**chuaighséagnílsían**

Cad iad na gutaí a bhfuil fada orthu?

--	--	--	--

3. Scríobh na focail seo san áit cheart:

béal

--	--	--

éan

--	--	--	--	--

méar

--

é

--	--	--	--	--

4. Ciorclaigh focail bheaga taobh istigh den fhocal mhór:  
**cheannaigh**

patrúin amhairc a aithint/  
míreanna amhairc/  
idirdhealú amhairc

5. Líon bearnaí i bhfocail / abairt, m.s. **ó**

**-g      p-g      t-g**

- a) Dúirt mamaí, ' --- an cóta den urlár'.
- b) Tá an leanbh --.
- c) Thug mé --- do mhamaí.

fónaic  
agus ciall don nasc  
foghar/litir

6. Cuir abairt in ord: **fear rith Tá ag**

7. Cuir líne faoi na litreacha in ord aibítire:

**Uairamháinbhícatdalbaeileaganfhearagus.....**

**Seicheamh**

8. Deachtú

Daingniú  
i gcomhthéacs

9. Cuir na focail seo in abairtí:

Déarfaidh; Déanfaidh;

Sa lá atá inniu ann, tá a lán áiseanna ar fáil a thacaíonn le daoine a mbíonn litriú dúshlánach acu – mar shampla, seiceálaí litrithe leictreonach. Tugtar cead do dhaltáí áirithe áiseanna mar seo a úsáid i scrúduithe. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn daltaí go bhfuil go leor tacaíochta ar fáil, agus go bhfuil amanna ann sa phróiseas scríbhneoireachta nuair is cuí gan aird a dhíriú ar mhionsonraí litrithe, agus go mothaíonn siad dearfach faoin scríbhneoireacht. Cuirim gcuimhne an ceacht a theagasc mo chara óg dom, a luaigh mé san intreoir. Tá spreagadh agus dearcadh dearfach tábhachtach le daltaí a chumasú maidir le cumarsáid a dhéanamh i gcló.

## Liosta leabhar agus áiseanna úsáideacha

Booth, T. and Ainscow, M. (1998) (eds) From Them To Us: An International Study of Inclusion in Education. London: Routledge

Clay, M. (1998) Different Paths to Common Outcomes. Maine: Stenhouse Publishers

Clay, M. agus Nig Uidhir, G. (2006) Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht: Treoir do Theagasc na Litearthachta. B.Á.C.: Carroll Education

Clay, M. (2006) Literacy Lessons Designed for Individuals, Part One. Auckland: Heinemann

Frey, N., Fisher, D. agus Berkin, A. (2008) Good Habits, Great Readers. London: Pearson

Glynn, T., Wearmouth, J., Berryman, M. (2006) Supporting Students with Literacy Difficulties. A Responsive Approach. Berkshire: Open University Press

Goswami, U. and Bryant, P. (1990) Phonological Skills and Learning to Read. Hove: Lawrence Erlbaum Associates

Grove, N. (2005) Ways Into Literature. London: David Fulton

Karten, T. (2005) Inclusion Strategies That Work! London: Sage

Palmer, S. Agus Bayley, R. (2004) Foundations of Literacy. Stafford: Network Educational Press

## Áiseanna úsáideacha eile

Fónaic na Gaeilge, BLO

Resources for speech and Language. Black Sheep Press

Séideán Sí, Leabhar Cúnta an Oide, C. Ag Obair Liom, Rang 1. BÁC: An Gúm

